
nesc

An Chomhairle Náisiúnta
Eacnamaíoch agus Shóisialta

National Economic & Social Council

# Ráiteas Straitéise NESC 2025 - 2028




Is ionann Ráiteas Straitéise an NESC agus Ráiteas Straitéise na hOifige Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach (NESDO) freisin. Bunaíodh NESDO mar chuid den Acht NESDO 2006 agus is é an comhlacht corparáideach don NESC é.

Misean & Fís

Toradh Straitéiseach a hAon

Toradh Straitéiseach a Dó

Toradh Straitéiseach a Trí

Toradh Straitéiseach a Ceathair

nesc
An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Council

# Misean

Cuirimid comhairle beartais chomhtháite, réamhbhreathnaitheach agus iontaofa, a bhfuil idirphlé sóisialta láidir agus diantaighde mar bhonn taca léi, ar fáil don Rialtas ar shaincheisteanna dúshlánacha meántéarmacha agus fadtéarmacha.

# Fís

Oibrímid chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil atá inbhuanaithe, athléimneach, cuimsitheach agus cóir a mhúnlú agus tacú léi.

Misean & Fís

Toradh Straitéiseach a hAon

Toradh Straitéiseach a Dó

Toradh Straitéiseach a Trí

Toradh Straitéiseach a Ceathair

# Toradh Straitéiseach a hAon

## *Athdhéanamh, Athnuachan & Feabhas a chur ar Roghanna Beartais Reatha*

**Cuspóir 1 – Comhtháthú Beartais:**
Eolas a chur ar fáil agus tionchar gníomhach a imirt ar dhul chun cinn na hÉireann i dtreo forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil atá níos inbhuanaithe agus níos comhtháite.

Áireofar leis sin obair i réimsí amhail tithíocht agus talamh, an t-athrú aeráide, an t-aistriú fuinnimh, an bhithéagsúlacht agus an bonneagar.

**Cuspóir 2 – Nascacht Beartais:**
Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar ábhair imní agus ‘eispéiris bheo’ na saoránach, na ngrúpaí agus na n-áiteanna trí cheapadh beartais, trína gcur i bhfeidhm agus trí athchóiriú institiúideach.

Áireofar leis sin obair i réimsí amhail míchumas, oideachas, cleachtais agus tacaíochtaí talmhaíochta, micrifhiontar agus cúram sláinte.

**Cuspóir 3 – Tionchar:**
Feasacht agus tionchar obair thaighde NESC a mhéadú sa chóras beartais agus polaitiúil níos leithne agus i measc na sochaí sibhialta.

Faoi 2028 beidh gach ceann de na cuspóirí sin comhlíonta againn agus beidh réimsí nua oibre a bhaineann le hiarrataí ón Rialtas, tosaíochtaí agus leasanna chomhaltaí na Comhairle.

Misean & Fís

Toradh Straitéiseach a hAon

Toradh Straitéiseach a Dó

Toradh Straitéiseach a Trí

Toradh Straitéiseach a Ceathair

# Toradh Straitéiseach a Dó

*Tacú le pleanáil níos fadtéarmaí agus le hobair bheartais atá dírithe ar an bhfadbhreathnaitheacht*

**Cuspóir 1 – Fianaise:**
Scanadh ionchais agus anailís a sholáthar ar shaincheisteanna straitéiseacha, lena n-áirítear déimeagrafaíocht, Intleacht Shaorga agus digitiú, rioscaí agus tionchair náisiúnta agus idirnáisiúnta an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta agus caidrimh gheopholaitiúla atá ag athrú.

**Cuspóir 2 – Rannpháirtíocht:**
Dul i dteagmháil leis na fóraim rannpháirtíochta atá ann cheana, modheolaíochtaí nuálacha a ghlacadh chun cabhrú le treochtaí a thuiscint agus cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a chruthú chun cabhrú leis an gcinnteoireacht atá ann faoi láthair a threorú.

**Cuspóir 3 – Tuairim Shaolré:**
Tacú le dearcadh idirghlúine níos láidre a fhorbairt ar fud an chórais beartais trí obair spriocdhírithe le cohóirt aoiseanna éagsúla.

Faoi 2028 beidh an obair curtha i gcrích againn sna réimsí seo agus beidh cláir oibre agus pleananna acmhainní forbartha againn.

Misean & Fís

Toradh Straitéiseach a hAon

Toradh Straitéiseach a Dó

Toradh Straitéiseach a Trí

Toradh Straitéiseach a Ceathair

# Toradh Straitéiseach a Trí

*Ceapadh beartas agus rannpháirtíocht shochaíoch ar fud an chórais beartais a éascú agus tacú leis*

**Cuspóir 1 – Cur i gCrích Tionscadail:**
Iasachtaí foirne agus socruithe oibre eile faoi cheangal ama a chumasú chun tacú le tionscadail shonracha i ranna rialtais, i ngníomhaireachtaí rialtais nó i dtionscnaimh atá urraithe ag an rialtas.

**Cuspóir 2 – Comhaltaí na Comhairle mar Acmhainn:**
An fheasacht atá ar ról agus ar shaineolas chomhaltaí NESC mar acmhainn a fheabhsú chun tacú le réiteach fadhbanna agus le plé ar fud an chórais beartais.

**Cuspóir 3 – Comhar Idirnáisiúnta:**
Comhar le comhpháirtithe an Aontais Eorpaigh agus leis an bpobal idirnáisiúnta i gcoitinne a éascú agus tacú leis maidir le réimsí beartais atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn.

Faoi 2028 beidh an obair curtha chun cinn againn sna réimsí seo agus beidh bealaí níos foirmiúla forbartha againn chun deiseanna a aithint chun tacú le hobair ar rannpháirtíocht.

Misean & Fís

Toradh Straitéiseach a hAon

Toradh Straitéiseach a Dó

Toradh Straitéiseach a Trí

Toradh Straitéiseach a Ceathair

# Toradh Straitéiseach a Ceathair

*Na Caighdeáin is Airde a Bhaint Amach maidir le Feidhmíocht agus Rialachas Corparáideach Eagraíochtúil*

**Cuspóir 1 – Próiséis Inmheánacha:**
Cloí le dea-chleachtais maidir le rialachas agus bainistiú Comhlachtaí Stáit, lena n-áirítear maidir le cuntasacht agus luach ar airgead, folláine agus forbairt foirne, agus cáilíocht agus slándáil ár gcóras TF.

**Cuspóir 2 – Cumarsáid Sheachtrach:**
Leanúint d'fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar inrochtaineacht ár dtuarascálacha, ár suímh gréasáin agus na n-imeachtaí tacaíochta uile, mar a leagtar amach inár Straitéis Cumarsáide 2024-2028.

**Cuspóir 3 – Acmhainneacht Eagraíochtúil:**
Athbhreithniú a chur i gcrích ar riachtanas agus acmhainn eagraíochtúil lena n-áirítear riachtanais foirne, pleanáil agus comharbas lucht saothair, tacaíochtaí oibríochtúla agus acmhainní.

Faoi 2028, cinnteoimid go mbeidh na struchtúir agus na hacmhainní riachtanacha i bhfeidhm ag NESC chun a mhisean, a fhís agus gach ceann de na ceithre thoradh straitéiseacha a bhaint amach

nesc
An Chomhairle Náisiúnta
Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Council



An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
16 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1
D01 E7C1